Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11144/1/23**
**REV 1**

**ECOFIN 669**
**UEM 203**
**SOC 495**
**EMPL 346**
**COMPET 690**
**ENV 769**
**EDUC 282**
**RECH 314**
**ENER 405**
**JAI 915**
**GENDER 146**
**ANTIDISCRIM 140**
**JEUN 184**
**SAN 421**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11144/23 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 614 final1 |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Náisiúnta na Laitvia um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Laitvia |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, mar a pléadh sa Chomhairle agus sa Chomhairle Eorpach é, bunaithe ar an Moladh ón gCoimisiún COM (2023) 614 final.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le Clár Náisiúnta na Laitvia um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Laitvia**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú[1], a neartú agus go háirithe Airteagal 5(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

[1] IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.
[2] IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an an tSaoráid, soláthraítear tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus í mar spreagadh fioscach arna mhaoiniú ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, leis an tSaoráid, rannchuidítear le téarnamh eacnamaíoch cuimsitheach agus le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí atá inbhuanaithe agus a spreagann fás, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Rinneadh an ranníocaíocht airgeadais uasta in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid a thabhairt cothrom le dáta an 30 Meitheamh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(2) An 22 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2023 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 23 Márta 2023, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tSuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 22 Samhain 2022, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh, ar tuarascáil í inar sainaithníodh go bhfuil an Laitvia ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di, nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. An 24 Feabhra 2023, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na Laitvia 2023. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach 2023 ar Fhostaíocht, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[4] ('Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro') an 16 Bealtaine 2023 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 13 Márta 2023.

(3) Cé go bhfuil athléimneacht shuntasach á léiriú ag geilleagair an Aontais, tá drochthionchar ag an gcomhthéacs geopholaitiúil orthu fós. Agus an tAontas ag seasamh go daingean leis an Úcráin, tá clár oibre beartais eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais dírithe sa ghearrthéarma ar dhrochthionchar na suaití fuinnimh a laghdú, i gcás teaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí leochaileacha araon, agus sa mheántéarma ar iarrachtaí a choinneáil ar bun chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach, ar thacaíocht a thabhairt d'fhás inbhuanaithe cuimsitheach, ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chosaint agus ar an athléimneacht a mhéadú. Tá sé dírithe go láidir freisin ar iomaíochas agus táirgiúlacht an Aontais a mhéadú.

4 Moladh ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C 180, 23.5.2023, lch. 1).

(4) An 1 Feabhra 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach (Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais). Is é is aidhm do Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais agus tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Is comhlánú é ar na hiarrachtaí leanúnacha faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus faoi REPowerEU. Is é is aidhm dó freisin timpeallacht níos tacúla a sholáthar chun acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais a mhéadú i dtaca leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus leis na táirgí glan-nialasachta a bhfuil gá leo chun spriocanna uaillmhianacha aeráide an Aontais a bhaint amach, agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar amhábhair chriticiúla ábhartha, lena n-áirítear trí fhoinsiú a éagsúlú, trí shaothrú cuí a dhéanamh ar acmhainní geolaíocha sna Ballstáit agus trí athchúrsáil na n-amhábhar a uasmhéadú. Is ar cheithre cholún atá Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais bunaithe: timpeallacht rialála intuartha agus shimplithe, rochtain níos tapúla ar mhaoiniú, scileanna a fheabhsú, agus trádáil oscailte do shlabhraí soláthair athléimneacha.
An 16 Márta 2023, d'eisigh an Coimisiún freisin teachtaireacht eile dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', teachtaireacht a leagadh amach de réir naoi spreagadh a threisíonn a chéile ar mhaithe le hoibriú i dtreo creat rialála lena bhfeabhsófaí an fás. Socraítear leis tosaíochtaí beartais arb é is aidhm dóibh feabhsuithe struchtúracha, bearta infheistíochta dea-dhírithe agus rialála a áirithiú le haghaidh iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát. Cuidíonn na moltaí thíos ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin.

(5) In 2023, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go dtugann na pleananna aghaidh ar iomlán na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar fhothacar mór díobh. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020 agus 2022 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(6) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur go tapa le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuirfidh sé sin le slándáil fuinnimh agus le héagsúlacht sholáthar fuinnimh an Aontais, agus ag an am céanna, méadóidh sé glacadh na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, acmhainneachtaí stórála fuinnimh agus an éifeachtúlacht fuinnimh. Le Rialachán REPowerEU, cuirtear ar chumas na mBallstát caibidil nua REPowerEU a chur lena bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Cuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin freisin ó thaobh borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais mar a leagtar amach i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, agus tabharfaidh siad aghaidh ar na moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh arna n-eisiúint chuig na Ballstáit in 2022 agus, i gcás inarb infheidhme, in 2023. Le Rialachán REPowerEU, tugtar isteach catagóir nua de thacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha, atá á cur ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí nua a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú faoina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

[5] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

(7) An 8 Márta 2023, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoraíocht ar fáil maidir leis an mbeartas fioscach 2024 ('teachtaireacht an 8 Márta 2023'). Is é is aidhm di tacú le hullmhú chláir na mBallstáit um chobhsaíocht agus um chóineasú, agus an comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún chun cuimhne go ndéanfar clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú i ndeireadh 2023. D'éiligh an Coimisiún go mbeadh beartais fhioscacha ann in 2023-2024 a d'áiritheodh an inbhuanaitheacht fiachais sa mheántéarma agus a mhéadódh an acmhainneacht fáis ar bhealach inbhuanaithe agus iarradh ar na Ballstáit a leagan amach ina gcláir um chobhsaíocht agus um chóineasú 2023 conas a áiritheoidh a bpleananna fioscacha go n-urramófar luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus go n-áiritheofar laghdú inchreidte leanúnach an fhiachais, sin nó conas a choinneofar an fiachas ar leibhéal stuama sa mheántéarma. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit freisin deireadh a chur de réir a chéile le beartais fhioscacha náisiúnta arna dtabhairt isteach chun teaghlaigh agus gnólachtaí a chosaint ar shuaitheadh na bpraghsanna fuinnimh, agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh. Thug sé le fios, dá mba rud é gur ghá síneadh a chur le bearta tacaíochta mar gheall ar bhrú a bheith ann an athuair ó thaobh phraghas an fhuinnimh de, gur cheart do na Ballstáit na bearta sin a spriocdhíriú ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha ar bhealach níos fearr. Luaigh an Coimisiún go ndéanfaí na moltaí fioscacha a chainníochtú agus a dhifreáil. Thairis sin, mar a mholtar sa teachtaireacht uaidh an 9 Samhain 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh, go ndéanfaí na moltaí fioscacha sin a fhoirmliú ar bhonn an ghlanchaiteachais phríomhúil. Mhol sé do na Ballstáit uile leanúint ar aghaidh ag cosaint na hinfheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta agus a áirithiú go n-úsáidfear an tSaoráid agus cistí eile an Aontais go héifeachtach, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus na gcuspóirí athléimneachta. Thug an Coimisiún le fios go molfaidh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, le nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair.

(8) An 26 Aibreán 2023, thíolaic an Coimisiún tograí reachtacha chun athchóiriú cuimsitheach ar rialacha rialachais eacnamaíoch an Aontais a chur chun feidhme. Is é is príomhchuspóir do na tograí inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí a neartú agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit uile trí athchóirithe agus trí infheistíochtaí. Sna tograí uaidh, díríonn an Coimisiún ar an úinéireacht náisiúnta a fheabhsú, ar an gcreat a shimpliú agus gluaiseacht i dtreo fócas níos meántéarmaí, in éineacht le forfheidhmiú éifeachtach agus níos comhleanúnaí. De réir na gConclúidí ón gComhairle an 14 Márta 2023 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, is é an cuspóir atá ann an obair reachtach a thabhairt i gcrích in 2023.

(9) An 30 Aibreán 2021, chuir an Laitvia a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia[6]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, cinneadh á rá go bhfuil an Laitvia tar éis na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chomhlíonadh go sásúil. Tuigtear gurb é atá i gceist le comhlíonadh sásúil, nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

[6] 10157/2021 INIT; 10157/2021 ADD 1; 10157/2021 ADD 1 COR 1.

(10) An 25 Aibreán 2023, chuir an Laitvia isteach a Clár Náisiúnta 2023 um Athchóiriú agus, an 17 Aibreán 2023, chuir sí isteach a Clár Cobhsaíochta 2023, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Chun na naisc atá eatarthu a chur san áireamh, rinneadh measúnú ar an dá chlár le chéile. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é an Clár Náisiúnta um Athchóiriú don bhliain 2023 ar thuairisciú leathbhliantúil na hÉireann maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(11) An 24 Bealtaine 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2023 don Laitvia. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Laitvia ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2022, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia. Ar bhonn na hanailíse sin, léiríodh sa tuarascáil tíre na bearnaí atá ann maidir leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, chomh maith le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Leis an tuarascáil, rinneadh measúnú freisin ar dhul chun cinn na Laitvia ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(12) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir leis an Laitvia agus d'fhoilsigh sé a thorthaí an 24 Bealtaine 2023. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha sa Laitvia. Go háirithe, tá na leochaileachtaí a bhaineann le hiasachtaíocht sheachtrach agus tithíocht fós teoranta, cé go bhfuil na leochaileachtaí sin a bhaineann le hiomaíochas suntasach, ach meastar go gcoinneofar faoi smacht ar an iomlán iad go luath amach anseo. Bhí méadú suntasach ar an easnamh sa chuntas reatha le déanaí, ach meastar go dtiocfaidh laghdú suntasach ar an easnamh in 2023 agus a thuilleadh in 2024. Meastar gur cobhsaí, tríd is tríd, a bheidh staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta na Laitvia, ar tháinig feabhas mór uirthi le 10 mbliana anuas. Mar sin féin, tá an baol ann go gcuirfidh boilsciú agus brúnna pá isteach ar iomaíochas na Laitvia, go háirithe ós rud é go bhfuil an boilsciú lárnach i bhfad os cionn mheán an limistéir euro. Cé go bhfuil fás ar phraghas na dtithe ardaithe le déanaí, ní cosúil go bhfuil róluacháil shuntasach ar phraghas tithe. Thairis sin, tháinig moill ar fhás praghsanna tithe go déanach in 2022, bhí an t-iasachtú morgáiste lag, agus tá fiachas teaghlaigh teoranta agus é ag titim i dtéarmaí ioncam teaghlaigh. Tá príomhdhúshláin eacnamaíocha struchtúracha roimh an Laitvia, dúshláin a bhaineann le meath ar sholáthar lucht saothair, rud a chuir le méaduithe tapa ar chostais aonaid saothair agus a d'fhéadfadh cur isteach ar an iomaíochas sa mheántéarma. Tá an socrú beartais fabhrach ar an iomlán, cé go bhféadfadh roinnt iarrachtaí breise a bheith ina gcuidiú chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann leis na leochaileachtaí sainaitheanta. Chuige sin, bheadh tábhacht le beartais chun iomaíochas a chosaint, lena n-áirítear bearta chun cáilíocht agus cainníocht sholáthar lucht saothair a mhéadú. Dá ndéanfaí an próiseas ceadanna tógála a ghiorrú, chuideofaí le tacú leis an soláthar tithíochta agus chuirfí feabhas ar staid an mhargaidh tithíochta.

(13) De réir sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig laghdú ar easnamh ginearálta rialtas na Laitvia ó 7.1 % de OTI in 2021 go 4.4 % in 2022, agus thit fiachas ginearálta an rialtais ó 43.7 % de OTI ag deireadh 2021 go 40.8 % ag deireadh 2022. An 24 Bealtaine 2023, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh. Pléadh staid bhuiséadach na Laitvia sa tuarascáil sin, ós rud é go raibh a heasnamh rialtais ghinearálta in 2022 os cionn 3 % de luach tagartha an Chonartha maidir le OTI. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil nár comhlíonadh critéar an easnaimh. I gcomhréir leis an teachtaireacht an 8 Márta 2023, níor mhol an Coimisiún nósanna imeachta nua um easnamh iomarcach a thionscnamh in earrach na bliana 2023. Ina dhiaidh sin, shonraigh an Coimisiún go molfadh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023. Ba cheart don Laitvia é sin a chur san áireamh agus buiséad 2023 á fhorghníomhú agus an dréachtphlean buiséadach do 2024 á ullmhú aici.

(14) Na bearta beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, is bearta iad a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. In 2022, áiríodh ar na bearta beartais fhioscaigh sin lena méadaítear caiteachas cúiteamh costais ar théamh (bunaithe ar an bhfoinse fuinnimh a úsáidtear) agus laghdú ar bhillí leictreachais do theaghlaigh; sochair mhíosúla do theaghlaigh leochaileacha agus do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu chomh maith le hinnéacsú pinsean ar bhonn níos luaithe; deontais do chuideachtaí dianfhuinnimh agus cúiteamh as costais leictreachais a mhéadú do chuideachtaí. Measann an Coimisiún gurb é an glanchostas buiséadach a bhain leis na bearta sin in 2022 1.5 % de OTI. Ina theannta sin, an costas buiséadach a bhain le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin, costas a meastar a bheith ina 0.2 % de OTI in 2022, sin rud eile a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. An tráth céanna, an costas a mheastar a bhaineann le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, chuaigh an costas sin i laghad ionas gur 1.2 % de OTI a bhí ann in 2022, le hais 5.0 % in 2021.

(15) An 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle go gcoinneodh an Laitvia[7] staid fhioscach thacúil in 2022, lena n-áirítear ón spreagadh a cuireadh ar fáil leis an tSaoráid agus go gcaomhnódh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta. Mhol an Chomhairle freisin don Laitvia an fás ar chaiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta a choinneáil faoi rialú.

(16) De réir mheastacháin an Choimisiúin, staid fhioscach[8] neodrach a bhí ann in 2022 ag 0.0 % de OTI, méid a bhí iomchuí ó tharla boilsciú ard a bheith ann. Mar a mhol an Chomhairle, lean an Laitvia de thacaíocht a thabhairt don téarnamh trí infheistíochtaí a mhaoinítear leis an tSaoráid. 1.1 % de OTI a bhí ann in 2022 le caiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais (1.3 % de OTI a bhí ann in 2021). Mar gheall ar shrianta acmhainneachta agus ardú ar phraghsanna tógála, cuireadh moill ar roinnt infheistíochtaí a maoiníodh le deontais ón tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais in 2022, rud a d'fhág gur tháinig laghdú beag ar chaiteachas. Leis an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta soláthraíodh rannchuidiú crapthach 1.2 pointe céatadáin don staid fhioscach[9]. Dá bhrí sin, níor chaomhnaigh an Laitvia infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta, rud nach bhfuil i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle. San am céanna, leis an méadú ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) soláthraíodh rannchuidiú crapthach de 0.3 pointe céatadáin don staid fhioscach. Dá bhrí sin, choinnigh an Laitvia smacht ar an bhfás ar chaiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta.

---

[7] Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Laitvia 2021 (IO C 304, 29.7.2021, lch. 63).

[8] Is é an rud a bhíonn i gceist le tomhas na staide fioscaí an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim), gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh, ach lena n-áirítear caiteachas a mhaoinítear trí thacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas le hacmhainneacht fáis mheántéarmaigh. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Bosca 1 sna Táblaí Staidrimh Fioscacha.

[9] Is é is cúis leis an rannchuidiú crapthach sin, go háirithe, caiteachas níos ísle ar thionscadail infheistíochta arna gcómhaoiniú ag cistí an Aontais, agus a raibh tionchar acu freisin ar na forbairtí cómhaoinithe náisiúnta (go háirithe ar leibhéal an rialtais áitiúil) agus mar gheall ar aistriú trealaimh mhíleata chuig an Úcráin a thaifeadtar mar ollfhoirmiú diúltach caipitil sheasta arna fhritháireamh le haistriú caipitil.
An tráth céanna le caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta soláthraíodh rannchuidiú forleathnaitheach 1.7 pointe céatadáin de OTI. Tá dhá thoisc a mhíníonn an méadú ar chaiteachas caipitil eile - cruthaíodh cúlchistí gáis nádúrtha le haghaidh shlándáil an tsoláthair náisiúnta fuinnimh agus aistríodh trealamh míleata chuig an Úcráin.

(17) An cás maicreacnamaíoch atá mar bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha i gClár Cobhsaíochta 2023 faichilleach - tá sé faichilleach in 2023 agus ina dhiaidh sin. Measann an rialtas go n-éireoidh an fíor-OTI marbhánta in 2023 agus go dtiocfaidh méadú 2.0 % air in 2024. I gcomparáid leis sin, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh fíorfhás OTI níos airde de 1.4 % in 2023 agus 2.8 % in 2024, lena léirítear ionchorprú eisiúintí nua sonraí nár cuireadh san áireamh i gClár Cobhsaíochta 2023 iad, is é sin athbhreithnithe sonraí ar fhás OTI in 2022 chomh maith leis an tobmheastachán don chéad ráithe de 2023, ar nithe iad araon a chuir fás OTI ar leibhéal níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis roimhe sin. Mar sin féin, i dtéarmaí ainmniúla, maidir leis an bhfás a mheastar a thiocfaidh ar OTI, tá na figiúirí ar aon dul lena chéile sa dá réamhaisnéis agus táthar ag súil le fás 11.7 % agus 5.5 % do 2023 agus 2024 faoi seach i gClár Cobhsaíochta 2023, agus 10.5 % agus 5.6 % tuartha i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún do na blianta sin faoi seach.

(18) Ina Chlár Cobhsaíochta 2023, measann an rialtas go laghdófar an t-easnamh rialtais ghinearálta go 4.0 % de OTI in 2023. Is léiriú é an coigeartú easnaimh in 2023 ar fhorbairtí caiteachais go príomha. Meastar go n-eascróidh rannchuidiú laghdaithe easnaimh as deireadh a chur le formhór na mbeart tacaíochta a bhaineann leis an bpaindéim agus, maidir leis an gcaiteachas cnapshuime a rinneadh in 2022 chun cúlchiste náisiúnta gáis a chruthú, ní mheastar go mbeidh sin ann le haghaidh 2023. Tá sé beartaithe na coigiltis sin a fhritháireamh go páirteach le bearta caiteachais a áirítear i bpacáiste buiséid 2023, mar shampla méadú pá don riarachán poiblí agus don phearsanra leighis, caiteachas reatha níos airde ar sheirbhísí cúraim sláinte, eolaíocht, taighde agus ardoideachas chomh maith le pacáiste suntasach infheistíochta poiblí don chosaint agus don tslándáil inmheánach. Thairis sin, táthar ag súil le caiteachas níos airde le haghaidh pinsean agus liúntas mar gheall ar chomhéifeachtaí innéacsaithe níos airde. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ó 40.8 % ag deireadh 2022 go 39.6 % ag deireadh 2023. Tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais 3.8 % de OTI ann do 2023. Tá sé sin ag teacht leis an easnamh a thuartar i gClár Cobhsaíochta 2023. Tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh cóimheas níos ísle fiachais rialtais ghinearálta le OTI, is é sin 39.8 % ag deireadh 2023.

(19) Na bearta a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, meastar go leanfaidh siad de thionchar a imirt ar chomhardú ginearálta an rialtais in 2023. Is éard atá iontu den chuid is mó bearta ar cuireadh síneadh leo ó 2022. Tuartar glanchostas buiséadach na mbeart tacaíochta i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún ag 1.0 % de OTI in 2023[10]. De réir dealraimh, ní ar theaghlaigh leochaileacha ná ar ghnólachtaí leochaileacha atá formhór na mbeart dírithe in 2023, agus ní chaomhnaíonn siad an comhartha praghais chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Mar thoradh air sin, i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún meastar gurb é 0.1 % de OTI in 2023 méid na mbeart tacaíochta spriocdhírithe atá le cur san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíonadh an mholta ón gComhairle an 12 Iúil 2022[11] (i gcomparáid le 0.5 % de OTI in 2022). Meastar go dtiocfaidh méadú 0.1 pointe céatadáin de OTI ar chostas buiséadach na cosanta sealadaí arna tairiscint do dhaoine easáitithe ón Úcráin i gcomparáid le 2022. Ar deireadh, deireadh a bheith á chur de réir a chéile le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, a measadh gurb ionann iad agus 1.2 % de OTI, meastar gur rud é sin a rachaidh chun sochair do chomhardú ginearálta an rialtais in 2023.

---

10 Is ionann an figiúr agus leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le — i gcás inarb ábhartha — bearta caiteachais chaipitil.

11 Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta na Laitvia um Athchóiriú agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Laitvia 2022 (IO C 334, 1.9.2022, lch. 112).

(20) Sa Mholadh uaithi an 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle go ndéanfadh an Laitvia gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeidh fás an chaiteachais reatha phríomha arna mhaoiniú go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais[12] in 2023, agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach is leochailí agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine ar a dteitheadh ón Úcráin. Ba cheart don Laitvia a bheith réidh chun an caiteachas atá ann faoi láthair a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Moladh don Laitvia freisin cur le hinfheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus an tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais.

[12] Ar bhonn réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, meastar gur 11.5 %, i dtéarmaí ainmniúla, a bheidh san fhás aschuir féideartha meántéarmach a dhéanfaidh an Laitvia (meán 10 mbliana), céatadán a úsáidtear chun an staid fhioscach a thomhas.

(21) In 2023, tá sé tuartha i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh an staid fhioscach forleathnaitheach (- 0.9 % de OTI) tráth a bhfuil boilsciú ard i gceist. Leanann sé sin staid fhioscach neodrach a bheith ann in 2022 (0.0 % de OTI). An fás ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, táthar ag tuar go soláthróidh sé rannchuidiú forleathnaitheach dar luach 0.5 % de OTI leis an staid fhioscach. Áirítear leis sin costas na mbeart tacaíochta spriocdhírithe le haghaidh na dteaghlach is leochailí agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh, costas ar ar tháinig méadú 0.4 % de OTI. Áirítear leis sin freisin costas níos airde a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (costais ar ar tháinig méadú 0.1 % de OTI). Dá bhrí sin, an rannchuidiú forleathnaitheach leis an gcaiteachas reatha príomha a mhaoinítear go náisiúnta, níl an ranníocaíocht sin mar thoradh ar an tacaíocht shealadach spriocdhírithe do na teaghlaigh agus na gnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Is iad bearta caiteachais a áirítear i bpacáiste buiséid 2023, mar shampla méadú pá do phearsanra riaracháin agus leighis, maoiniú breise caiteachais reatha maidir le hoinceolaíocht, eolaíocht agus taighde agus caiteachas reatha lánroghnach eile ar riarachán náisiúnta chomh maith le caiteachas níos airde ar phinsin agus ar liúntais, a spreagann an fás forleathnaitheach i gcaiteachas príomha reatha a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim). Mar achoimre, an fás a thuartar a thiocfaidh ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta, níl sé i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Meastar gur 2.2 % de OTI a bheidh i gceist leis an gcaiteachas a mhaoinítear le deontais faoin tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais in 2023, agus meastar go soláthróidh infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta rannchuidiú forleathnaitheach 1.0 pointe céatadáin leis an staid fhioscach[13].

[13] Tuartar go gcuirfidh caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta rannchuidiú crapthach 1.7 pointe céatadáin OTI ar fáil toisc nach n-áirítear i réamhaisnéis an Choimisiúin do 2023 cruthú cúlchistí gáis nádúrtha le haghaidh shlándáil an tsoláthair fuinnimh agus cúnamh míleata don Úcráin.

Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an Laitvia infheistíocht bhreise a mhaoiniú tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais, agus táthar ag tuar go ndéanfaidh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú. Tá sé beartaithe aici infheistíocht phoiblí a mhaoiniú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, mar shampla feithiclí leictreacha a cheannach don iompar poiblí, éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh il-áitribh agus airíonna gnó a fheabhsú, na líonraí tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a nuachóiriú, acmhainneacht freagartha na seirbhísí tarrthála a neartú, ardáin dhigiteacha rialachais agus córais san earnáil phoiblí a lárú, scileanna digiteacha agus digitiú na bpróiseas i ngnólachtaí a fhorbairt, bonneagar leathanbhanda a fhorbairt chomh maith leis an digitiú a chothú in earnáil an oideachais. Maoinítear an infheistíocht phoiblí sin den chuid is mó leis an tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais.

(22) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go laghdófar an t-easnamh rialtais ghinearálta go 2.5 % de OTI in 2024. Is léiriú é an laghdú in 2024 den chuid is mó ar an deireadh atá á chur de réir a chéile le bearta tacaíochta chun tionchar praghsanna arda fuinnimh a mhaolú, an easpa caiteachais reatha a bhaineann le paindéim COVID-19 agus an toisc go dtiocfaidh deireadh in 2023 leis an infheistíocht a rinneadh chun tacú leis an téarnamh ón bpaindéim. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh méadú beag go 39.7 % ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ag deireadh 2024. Ar bhonn na mbeart beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún easnamh rialtais 2.7 % de OTI in 2024. Tá sé sin ag teacht leis an easnamh a thuartar i gClár Cobhsaíochta 2023. Tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh cóimheas níos ísle fiachais rialtais ghinearálta le OTI, is é sin 40.5 % ag deireadh 2024, mar gheall ar OTI ainmniúil níos ísle den chuid is mó.

(23) Beartaítear le Clár Cobhsaíochta 2023 deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh ar fad in 2024. Glacann an Coimisiún leis freisin go ndéanfar bearta tacaíochta fuinnimh a chéimniú amach go hiomlán in 2024. Tá sé sin bunaithe ar an toimhde nach dtiocfaidh aon mhéaduithe an athuair ar phraghsanna fuinnimh.

(24) Le Rialachán (CE) Uimh. 1466/97, éilítear go ndéanfaí feabhas bliantúil ar chomhardú an bhuiséid struchtúraigh i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh, agus 0.5 % de OTI mar thagarmharc aige[14]. Agus aird á tabhairt ar bhreithnithe inbhuanaitheachta fioscaí agus ar an ngá atá leis an easnamh a laghdú faoi bhun luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI, bheadh sé iomchuí feabhas de 0.5 % de OTI ar a laghad a chur ar an gcomhardú struchtúrach do 2024 de réir an Choimisiúin. Chun an feabhas sin a áirithiú, agus i gcomhréir le modheolaíocht an Choimisiúin, níor cheart fás ar ghlanchaiteachas príomhúil[15] arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024 dul thar 3.0 %, mar a léirítear sa Mholadh seo. Cuideoidh sé sin freisin leis an gcroíbhoilsciú a laghdú, rud atá go mór os cionn mheán an limistéir euro, agus a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le caillteanais iomaíochais dá mairfeadh an t-iomaíochas. An tráth céanna, ba cheart deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh atá fágtha (a mheasann an Coimisiún faoi láthair ag 1.0 % de OTI in 2023 iad) má cheadaíonn forbairtí sa mhargadh fuinnimh é sin agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh, agus ba cheart an coigilteas gaolmhar a úsáid chun an t-easnamh rialtais a laghdú. De réir mheastacháin an Choimisiúin, thiocfadh fás ar ghlanchaiteachas príomhúil faoi bhun an uasráta fáis atá molta do 2024 mar thoradh air sin. Ina theannta sin, de réir réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, níl an fás ar ghlanchaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2023 i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Dá ndeimhneofaí sin, bheadh fás níos ísle i nglanchaiteachas príomhúil in 2024 iomchuí.

---

14 Ceanglaítear freisin le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 coigeartú is mó ná 0.5 % de OTI a dhéanamh i gcás Ballstát a bhfuil fiachas rialtais acu ar mó é ná 60 % de OTI, nó a bhfuil rioscaí níos suntasaí acu maidir le hinbhuanaitheacht fiachais.

15 Sainmhínítear glanchaiteachas príomha mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan caiteachas úis agus caiteachas dífhostaíochta timthriallaí san áireamh.

(25) Má ghlactar leis nach bhfuil aon athrú ar bheartais, tá sé beartaithe ag réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún glanchaiteachas príomhúil a mhaoiniú go náisiúnta chun fás ag 1.3 % in 2024, rud atá faoi bhun an ráta fáis atá molta.

(26) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go méadóidh infheistíocht rialtais ó 5.5 % de OTI in 2023 go 6.1 % de OTI in 2024. Leis an ardú san infheistíocht, léirítear leibhéal níos airde infheistíochta arna mhaoiniú go náisiúnta agus leibhéal níos airde infheistíochta arna mhaoiniú ag an Aontas, lena n-áirítear tríd an tSaoráid.

(27) Leagtar amach i gClár Cobhsaíochta 2023 conair fhioscach mheántéarmach go dtí 2026. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go laghdóidh an t-easnamh rialtais ghinearálta go 2.2 % de OTI in 2025 agus go 0.7 % faoi 2026. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go laghdófar an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de OTI faoi 2024 agus go bhfanfaidh sé faoi bhun 3 % de OTI thar thréimhse an Chláir. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ó 39.7 % ag deireadh 2024 go 38.9 % faoi dheireadh 2026.

(28) Tá ioncam cánach na Laitvia mar sciar de OTI go mór faoi bhun mheán an Aontais. Cuireann sé sin teorainn le soláthar seirbhísí poiblí, go háirithe i gcúram sláinte agus cosaint shóisialta. Is beag cáin a ghearrtar ar chaipiteal agus ar mhaoin i gcomparáid le meán an Aontais agus is féidir leo ioncam ó cháin a mhéadú. Thairis sin, bailíonn an Laitvia ioncam réasúnta íseal ó chánachas saothair in ainneoin rátaí cánach réasúnta ard. Tugann sé sin le fios go bhfuil gá le hiarrachtaí leanúnacha chun comhlíonadh cánach a fheabhsú agus chun dul i ngleic leis an scáthgheilleagar. Tá an bhochtaineacht agus an neamhionannas fós ard, go háirithe mar gheall ar chaiteachas íseal ar chosaint shóisialta. Tá feabhas tagtha ar leordhóthanacht an líontáin sábháilteachta sóisialta, ach tá baol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta fós ard, go háirithe do na daoine is leochailí. Tá baol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta do sheandaoine ar an mbaol is airde san Aontas (45.9 % sa Laitvia i gcomparáid le 19.5 % san Aontas in 2021) agus tá sé fós an-ard do dhaoine faoi mhíchumas (41.2 % sa Laitvia i gcomparáid le 29.7 % san Aontas in 2021). Is dúshlán fós é rochtain ar sheirbhísí sóisialta atá bunaithe ar riachtanais aonair agus cáilíocht na seirbhísí sin mar gheall ar ghanntanas agus ualach ard oibre na n-oibrithe sóisialta chomh maith le héagothromaíochtaí ar fud na mbardas. Tá an córas cúraim fhadtéarmaigh ilroinnte, agus tá dul chun cinn teoranta déanta san aistriú ó chúram institiúideach go cúram baile agus seirbhísí pobalbhunaithe. Tá leordhóthanacht agus infhaighteacht tithíochta sóisialta teoranta mar gheall ar mhaoiniú fadtéarmach neamhleor. Tá an caiteachas poiblí ar chúram sláinte mar sciar de OTI íseal i gcomparáid le meán an Aontais agus tá súil leis go dtiocfaidh laghdú air sna pleananna buiséadacha meántéarmacha, ó 5.6 % de OTI in 2022 go 3.6 % in 2026 de réir Chlár Cobhsaíochta 2023. Tá sé sin go mór faoi bhun leibhéal an mhaoinithe phoiblí is gá le haghaidh cúram sláinte faoi 2027, is é sin 6 % de OTI, mar a léirítear sna Treoirlínte maidir le Beartas Sláinte Poiblí na Laitvia 2021-2027. Cé go mbaineann an laghdú leis an deireadh atá á chur de réir a chéile le bearta tacaíochta sealadacha COVID-19, den chuid is mó, tá pleananna maidir le maoiniú inbhuanaithe an chúraim sláinte in easnamh freisin. Ina theannta sin, tá ganntanas lucht saothair sláinte sa Laitvia, go háirithe altraí. Mar thoradh air sin, tá rochtain thráthúil chomhionann ar chúram sláinte teoranta.

(29) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia faoi lán seoil. Chuir an Laitvia aon iarraidh amháin ar íocaíocht isteach a chomhfhreagraíonn do 9 gcinn de gharspriocanna agus arb é an toradh a bhí uirthi gur eisíocadh EUR 201 mhilliún. Mar thoradh ar imthosca oibiachtúla a bhaineann le méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus ábhar tógála, agus le srianta an tslabhra soláthair mar gheall ar an gcogadh foghach atá á chur ag an Rúis ar an Úcráin, tá sé ar intinn ag an Laitvia leasuithe ar an bplean a chur isteach, chomh maith le caibidil nua REPowerEU a chur isteach chun dlús a chur le dícharbónú an gheilleagair agus chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Trí chaibidil nua REPowerEU a thabhairt isteach go tapa sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, féadfar athchóirithe agus infheistíochtaí breise a mhaoiniú chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na Laitvia i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. Ar mhaithe leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, sin agus bearta eacnamaíocha agus fostaíochta eile taobh amuigh den phlean sin, tá sé tábhachtach i gcónaí údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile a bheith rannpháirteach ar bhonn córasach agus éifeachtach, chun a áirithiú go bhfuil freagracht i leith an chláir oibre beartais fhoriomláin roinnte go forleathan.

(30) D'fhormheas an Coimisiún doiciméid uile chlársceidealaithe bheartas comhtháthaithe na Laitvia in 2022. Tá sé ríthábhachtach go rachfar ar aghaidh le cláir an bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme go tapa sa chaoi gur comhlánú a bheidh iontu ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus go mbeidh sineirge ann idir iad féin agus an plean sin, an chaibidil REPowerEU san áireamh, ionas go ndéanfar an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur i gcrích, go méadófar an athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, agus go mbeidh forbairt chríochach chothrom ann freisin sa Laitvia.

(31) Seachas na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus sna cláir bheartais chomhtháthaithe, tá roinnt dúshlán breise roimh an Laitvia, a bhaineann le rochtain ar chreidmheas bainc, le fuinneamh agus leis an aistriú glas.

(32) B’ionann an sreabhadh creidmheasa ón earnáil phríobháideach agus 1 % de OTI in 2021, rud a bhí go mór faoi bhun ráta fáis an gheilleagair. Is é an toradh atá air sin laghdú breise ar fhiachas na hearnála príobháidí, atá ar na cinn is ísle san Aontas. Is léiriú é an fás lag sin ar chreidmheas go pointe áirithe ar éileamh lag, ach tá tionchar ag roinnt dúshlán air freisin ó thaobh an tsoláthair de. Tá sé an-deacair ag fiontair bheaga agus mheánmhéide creidmheas a fháil. Is mar gheall ar riosca creidmheasa níos airde a bhaineann leis sin, i bpáirt, ach freisin mar gheall ar chostas ard creidmheasa agus rómhaorlathais. Ina theannta sin, fágann leachtacht lag na sócmhainní atá ar fáil le haghaidh comhthaobhachta, go bhfuil sé thar a bheith deacair creidmheas a fháil lasmuigh de réigiún Ríge. Cruthaíonn sin bacainn shuntasach maidir le hiasachtú morgáistí agus iasachtú do ghnólachtaí. Bhí iarrachtaí beartais dírithe go príomha ar thacú le hiasachtú trí dheontais phoiblí a chur le chéile. Baineann costas suntasach leis sin, áfach, do bhuiséad an rialtais agus, dá bhrí sin, ní bealach inbhuanaithe é chun borradh a chur faoin iasachtú. Chun na srianta ar an soláthar creidmheasa a mhaolú, tá gá le feabhsuithe ginearálta ar thrédhearcacht agus ar mhuinín as an timpeallacht ghnó, lena n-áirítear laghdú ar mhéid an scáthgheilleagair. Ina theannta sin, dá gcuirfí feabhas ar an bpróiseas dócmhainneachta chun ráta ard athstruchtúrúcháin gnó a bhaint amach agus dá bhféadfadh rátaí téarnaimh iasachtaí níos airde a bheith ann, laghdófaí na rioscaí a bhraitear do na bainc agus chuirfí borradh faoin iasachtú. D’fhéadfadh scéimeanna iasachta agus ráthaíochta spriocdhírithe cabhrú le laghdú a dhéanamh ar na rioscaí leachtachta a bhíonn ag bainc agus iad ag glacadh comhthaobhachta i margaí atá réasúnta neamhleachtach. D’fhéadfadh scéimeanna iasachtaithe poiblí le haghaidh réimsí infheistíochta a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, mar shampla an t-aistriú glas agus an fhorbairt réigiúnach, iomaíocht éifeachtach a mhéadú sa mhargadh baincéireachta nó bearna sa mhargadh a líonadh ina bhfuil maoiniú bainc róchostasach nó nach bhfuil fáil air. Ina theannta sin, cuireann scéimeanna ráthaíochta poiblí agus iasachtaithe bealach i bhfad níos éifeachtúla ó thaobh costais de ar fáil chun tacú le hiasachtaí príobháideacha ná scéimeanna deontais. Chomh maith leis na bacainní ar mhaoiniú na mbanc, tá margadh na Laitvia le haghaidh foinsí airgeadais malartacha tearcfhorbartha agus d’fhéadfadh sé feabhas a chur ar an rochtain atá ag gnólachtaí ar mhaoiniú.

(33) D'áirithigh an Laitvia a neamhspleáchas ar ghás na Rúise tar éis chinneadh na Parlaiminte i mí Iúil 2022 stop a chur le gás nádúrtha na Rúise a cheannach ón 1 Eanáir 2023. Bhí soláthraithe gáis intíre in ann foinsí malartacha gáis nádúrtha a aimsiú a bhuí le hallmhairí gáis nádúrtha leachtaithe (LNG) ó chríochfort Klaipeda LNG na Liotuáine agus ó chríochfort nua GNL na Fionlainne in Inkoo. Léirigh an staid reatha gur gá dlús a chur le leathadh amach mall na suiteálacha chun leictreachas a ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh. Tá ceann de na sciartha is airde d'fhuinneamh in-athnuaite san Aontas ag an Laitvia, cé go raibh an sciar sin marbhánta ó 2020 go 2021. Bhainfeadh an Laitvia tairbhe as dlús a chur lena hiarrachtaí maidir le glacadh cumhachta gaoithe agus gréine, arb é an réiteach is inmharthana agus is fadtéarmaí é chun sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia bearta arb é is aidhm dóibh infheistíochtaí príobháideacha i bhfuinneamh gaoithe ar tír mór a éascú. Mar sin féin, d'fhéadfaí iarrachtaí breise a dhéanamh chun dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite chun leictreachas a ghiniúint, a théamh agus a fhuarú. Is éard a bheadh i gceist leis sin an eangach leictreachais a nuachóiriú, giniúint dhíláraithe leictreachais in-athnuaite a chur chun cinn, solúbthacht an chórais chumhachta (freagairt don éileamh agus stóráil), nósanna imeachta deonaithe ceadanna a fheabhsú tuilleadh agus creat dlíthiúil agus dreasachtaí a bhunú chun pobail fuinnimh a chur chun cinn. Dá gcríochnófaí sioncrónú na Laitvia le heangach leictreachais an Aontais, chuirfí leis an acmhainneacht tarchurtha ionas go bhféadfaí sciar méadaitheach d'fhoinsí in-athnuaite amach ón gcósta agus ar tír a chomhtháthú isteach san eangach. Tá gréasán leictreachais na Laitvia, cosúil le gréasán Ballstát Baltach eile, neamhchosanta i gcónaí toisc go bhfuil sé sioncronaithe le heangach cumhachta BRELL (an Bhealarúis, an Rúis, an Eastóin, an Liotuáin agus an Laitvia). Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le sioncrónú réigiúnach na heangaí leictreachais leis an gcuid eile den Aontas, ach ní mór é a thabhairt chun críche fós. Chuige sin, tá gá le comhar leis an Eastóin agus leis an Liotuáin. Tháinig laghdú 30 % ar thomhaltas gáis nádúrtha na Laitvia sa tréimhse idir Lúnasa 2022 agus Márta 2023, i gcomparáid leis an meántomhaltas gáis le linn na tréimhse céanna sna 5 bliana roimhe sin, thar an sprioc laghdaithe 15 %. D'fhéadfadh an Laitvia leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh an t-éileamh ar ghás a laghdú go sealadach go dtí an 31 Márta 2024 i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle[16].

16 Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás (IO L 206, 8.8.2022, lch. 1).

(34) Ba cheart don Laitvia dlús a chur lena hiarrachtaí bearta éifeachtúlachta fuinnimh a uas-scálú chun a stoc foirgneamh chomh maith le hiompar agus tionsclaíocht a dhícharbónú agus bearta nua maoinithe agus tacaíochta a chur i bhfeidhm chun spriocanna athchóirithe a straitéise athchóirithe fadtéarmaí a bhaint amach.

(35) Tá scrogaill á gcruthú san aistriú chuig geilleagar glan-nialasach i ngeall ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna in earnálacha agus i ngairmeacha atá ríthábhachtach don aistriú glas, lena n-áirítear monarú, imlonnú agus cothabháil teicneolaíochtaí glan-nialasachta. Chun go laghdófar na ganntanais scileanna agus chun go gcuirfear an cuimsiú sa lucht saothair agus athshannadh an lucht saothair chun cinn, tá sé ríthábhachtach córais oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a bheith ann a fhreagraíonn d’athruithe ar riachtanais an mhargaidh saothair, chomh maith le bearta spriocdhírithe maidir leis an uas-sciliú agus an t-athsciliú. Chun leas a bhaint as soláthar saothair nach bhfuil leas á bhaint as go fóill, ní mór na bearta sin a bheith inrochtana, go háirithe le haghaidh daoine aonair agus sna hearnálacha agus sna réigiún is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh. In 2022, tuairiscíodh ganntanas lucht saothair in 25 as 436 ghairm bheatha a raibh scileanna nó eolas sonrach ag teastáil dóibh le haghaidh an aistrithe ghlais, lena n-áirítear leictreoirí agus innealtóirí meicniúla. Tuairiscíodh na ganntanais lucht saothair mar thoisc a chuir srian ar tháirgeadh i dtionscal agus i dtógáil.

(36) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, rinne an Chomhairle scrúdú ar Chlár Cobhsaíochta 2023 agus léirítear a tuairim[17] i moladh (1).

---

[17] Faoi Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

(37) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidiú comhchoiteann le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun (i) inbhuanaitheacht fiachais a chaomhnú agus staonadh ó thacaíocht leathan a thabhairt don éileamh comhiomlán in 2023, spriocdhíriú níos fearr a dhéanamh maidir leis na bearta fioscacha arna nglacadh chun tionchar na bpraghsanna arda fuinnimh a mhaolú, agus machnamh a dhéanamh ar bhealaí iomchuí chun an tacaíocht a laghdú de réir mar a laghdaíonn an brú ó thaobh praghsanna fuinnimh de; (ii) leibhéal ard infheistíochta poiblí a choinneáil ar bun agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach; (iii) tacú le forbairtí pá a mhaolaíonn an caillteanas ó thaobh cumhacht ceannaigh de agus srian a chur ag an am céanna ar éifeachtaí indíreacha ar an mboilsciú, sin agus tuilleadh feabhais a chur ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair mar aon le dul i ngleic le ganntanais scileanna; (iv) feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus a áirithiú go bhfuil an tacaíocht fuinnimh a thugtar do chuideachtaí costéifeachtúil, sealadach agus spriocdhírithe ar ghnólachtaí inmharthana, agus go bhfuil dreasachtaí le haghaidh an aistrithe ghlais ag baint léi i gcónaí; agus (v) cobhsaíocht mhacrairgeadais a chaomhnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí, agus leanúint ag an am céanna den obair chun an t-aontas baincéireachta a chur i gcrích. I gcás na Laitvia, rannchuidíonn moltaí (1), (2), (3) agus (4) le cur chun feidhme an chéad, an dara agus an tríú agus an ceathrú moladh a leagtar amach i Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Laitvia in 2023 agus 2024 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Deireadh a chur leis an bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh atá i bhfeidhm, agus úsáid a bhaint as na coigiltis ghaolmhara chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, a áirithiú go ndírítear bearta tacaíochta den sórt sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh.

   Beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe trí theorainn nach mó ná 3.0 %[18] a chur leis an méadú ainmniúil ar ghlanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024.

   Infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú.

   Don tréimhse tar éis 2024, leanúint de straitéis fhioscach mheántéarmach a shaothrú maidir le comhdhlúthú de réir a chéile agus inbhuanaithe, mar aon le hinfheistíochtaí agus athchóirithe atá fabhrach d'fhás inbhuanaithe níos airde, chun staid fhioscach mheántéarmach stuama a bhaint amach.

   Cánachas a leathnú, lena n-áirítear maoin agus caipiteal, agus leordhóthanacht an chúraim sláinte agus na cosanta sóisialta a neartú.

2. Leanúint dá phlean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go leanúnach agus bailchríoch a chur go pras ar chaibidil REPowerEU d'fhonn tús a chur lena chur chun feidhme go tapa. Dul ar aghaidh le cur chun feidhme tapa chláir an bheartais chomhtháthaithe, sa chaoi gur dlúth-chomhlánú a bheidh iontu ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus go mbeidh dlúthshineirge ann idir iad féin agus an plean sin.

---

[18] Meastar go gcomhfhreagraíonn sé sin d'fheabhas bliantúil de 0.5 % de OTI ar a laghad ar chomhardú an bhuiséid struchtúraigh do 2024, mar a thuairiscítear in aithris 24.

3. Rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide trí scéimeanna iasachtaithe phoiblí agus scéimeanna ráthaíochta lena ndírítear ar infheistíochtaí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo a éascú, go háirithe i réimsí an aistrithe ghlais agus na forbartha réigiúnaí.

4. Spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid an fhuinnimh in-athnuaite, go háirithe fuinneamh gaoithe ar tír agus amach ón gcósta agus fuinneamh gréine, agus trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh a neartú, mar shampla trí mhaoiniú nua agus trí bhearta tacaíochta chun spriocanna na straitéise athchóirithe fadtéarmaí a bhaint amach. Acmhainn leordhóthanach idirnaisc a áirithiú chun cinnteacht an tsoláthair a mhéadú agus leanúint de shioncronú le heangach leictreachais an Aontais. Cur leis na hiarrachtaí beartais atá dírithe ar sholáthar agus ar shealbhú na scileanna agus na n-inniúlachtaí atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*